# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Rúisis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ SCRÍOFA – 220 MARC

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Teanga an fhreagra:** Má scríobhtar freagra sa teanga mhícheart:

| | |
|---|---|
| Nuair ba chóir gur Gaeilge a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna (seachas sa chluastuiscint nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart) |
| Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna |

**Caighdeán na Gaeilge:** Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

1. Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra. Níor chóir marcanna a bhronnadh nuair a bhíonn deacracht ag an scrúdaitheoir cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Ghaeilge.
2. Glactar leis na húsáidí seo a leanas:
    - Líon beag focal "iasachta" a fhaightear sa Nua-Ghaeilge/Nua-Bhéarla caighdeánach (e.g. *daitse, putsch, peireastráice, gleasnast...*)
    - Úsáid bainte as acrainmneacha a thagann ón Rúisis (e.g. SSSR)
    - Úsáid bainte as téarma teicniúil Rúisise ar mhaithe le soiléire tar éis leagan Gaeilge den téarma céanna (e.g.)
    - Cásanna ina léirítear sa fhreagra trí chéile gur baineadh úsáid chuí as struchtúr agus stór focal na Gaeilge.
3. Ná déan dearmad trácht a dhéanamh i do thuarascáil scrúdaitheora ag deireadh na marcála ar fhadhbanna maidir le caighdeán na Gaeilge a bheith ag cur bac ar thuiscint (más amhlaidh atá i gcás líon mór scripteanna)

**Marcáil:**

- Déan marc a leithdháileadh do gach ceist/cuid den cheist, fiú más marc de 0 atá i gceist. Scríobh na marcanna os cionn an ábhair. Cuir na marcanna do gach ceist/focheist le chéile san imeall ar thaobh na láimhe deise agus cuir líne fúthu.
- Ceartaigh an t-ábhar go léir. Nuair atá níos mó ábhair curtha ar fáil ná mar a éilíodh, déan marc a leithdháileadh don ábhar sin agus scríobh an marc i lúibíní cearnógacha: [marc]. Ná cuir na marcanna sin san áireamh agus tú ag suimiú na marcanna don cheist sin.
- Scríobh líon iomlán na marcanna a fhaightear ar leathanach 1 i mbun an leathanaigh i (lúibíní cruinne). Ina dhiaidh sin, coinnigh iomlán reatha i mbun na leathanach i lúibíní cruinne, e.g. (27+12=39).
- Suimigh gach ceist (C.1., C.2., C.3.) de réir mar a rachaidh tú ar aghaidh agus cuir na marcanna sin i gciorcal i mbarr an leathanaigh san áit a dtosaíonn an Cheist.
- Aistrigh marcanna na gceisteanna chuig an scarbhileog.
- Seiceáil an t-iomlán deiridh trí chomparáid a dhéanamh idir an t-iomlán deiridh i mbun an leathanaigh agus iomlán na marcanna do gach Ceist i mbarr an leathanaigh.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu cúis.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne () eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.

# ROINN I

**C.1. Léirthuiscint**

- Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.
- San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann ar bronnadh marcanna ina leith cheana.
- Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear í, ná bronn marcanna as an ngné sin.
- Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ag léiriú scileanna maithe sintéisithe ar an tslí sin, bronn marc as gach coincheap.
- Bronn 2 mharc as gach sonra.

**1. Tabhair dhá fháth nár scríobh Vadim chuig a chara roimhe seo. 2 x 2 mharc**

- Bhí sé gnóthach/ní raibh am aige
- Ní raibh aon rud suimiúil aige le hinsint / ní raibh aon nuacht aige / níor tharla aon rud suimiúil theastaigh uaidh scríobh faoi rud éigin spleodrach/neamhghnách

**2.(i) Tabhair ceithre shonra faoin gcaoi a bhfuil an scoilbhliain seo difriúil do Vadim.**
**4 x 2 mharc**

- D'fheabhsaigh sé a ghráid san Fhisic agus sa Cheimic
- Déanann sé go leor staidéar leis féin/as féin
- Léann sé
- Réitíonn sé fadhbanna
- Breathnaíonn sé ar chláir/scannáin oideachais
- Iarrann sé cúnamh ar a dheartháir níos sine nuair nach dtuigeann sé rud éigin
- Taitníonn na hábhair a cheap sé a bhí leadránach cheana leis

Glac le faisnéis maidir le hullmhú don ollscoil ach má úsáidtear an fhaisnéis chéanna arís i bhfreagra 2.(ii) ní féidir marcanna a bhronnadh arís.

**2.(ii) Tabhair dhá shonra faoi na hullmhúcháin a dhéanann Vadim do na scrúduithe ollscoile a bhfuil súil aige a dhéanamh sa todhchaí. 2 x 2 mharc**

- Scrúduithe san fhisic agus sa mhatamaitic
- Tá aiste le scríobh aige
- Ranganna breise/teagascóir sa Rúisis
- Litríocht

**3.(i) Cén fáth arb é Ollscoil Stáit Mhoscó céad rogha Vadim? Tabhair dhá shonra. 2 x 2 mharc**

- Áiseanna spóirt is fearr
- Ranganna corpoideachais éigeantacha do na mic léinn ar fad
- Réimse clubanna spóirt
- Tá boinn Oilimpeacha buaite ag mic léinn
- Tá an spórt an-tábhachtach do Vadim

**3.(ii) Cad deir na múinteoirí faoi rang Vadim? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 mharc**

- Cairdiúil
- Rinne múinteoirí sampla de rang Vadim

*Ná bronn aon mharc:* go maith

**3.(iii) Cén rud a d'aontaigh na mic léinn a dhéanamh don damhsa masc? Tabhair dhá shonra.**

**2 x 2 mharc**

- Feistis/cultacha/gúnaí a dhéanamh/a fhuáil iad féin
- Gan feistis a cheannach
- Tá sé níos suimiúla/neamhghnáiche/daite/éilithí an bealach seo
- D'fheicfeá cé a rinne iarracht mhór

**3.(iv) Ghlac rang Vadim páirt in Oilimpiad Staire. Tabhair trí shonra.** **3 x 2 mharc**

- Cluiche duaise ag deireadh an Oilimpiaid
- Tóraíocht ar áiteanna stairiúla i Moscó
- Ní raibh an cluiche éasca
- Bhí dhá pháirt ann
- Bhí srian ama ann
- Bhuaigh a rang
- Bhí siad bródúil/an-sásta

**4. Tabhair trí shonra faoin gcaoi a gcaitheann Vadim agus a thuismitheoirí a gcuid tráthnónta faoi láthair.** **3 x 2 mharc**

- Ag smaoineamh ar an árasán/seomra suí a athchóiriú
- Ag plé ballaí/urlár
- Ag féachaint ar pháipéar balla/péint/ábhair urláir (ar an idirlíon)
- Ag argóint uaireanta

**Feasacht teanga** **6 mharc**

Breac síos tuiseal na bhfrásaí ainmfhoclacha seo a leanas:
(Féadann tú do fhreagra a scríobh i nGaeilge, i mBéarla nó i Rúisis.) **6 x 1 mharc**

| **Sampla / пример** | | |
|---|---|---|
| **Frása ainmfhoclach** | | **Tuiseal** |
| (один из) лучших спортивных комплексов | | Tuiseal Ginideach |
| 1 | (рассказывать) о своей повседневной жизни | Tuiseal Réamhfhoclach / Предложный Падеж |
| 2 | (проблемы) с физикой и химией | Tuiseal Uirliseach / Творительный падеж |
| 3 | (улучшить) свои оценки | Tuiseal Áinsíoch / Винительный Падеж |
| 4 | (прошу) старшего брата | Tuiseal Áinsíoch / Винительный Падеж |
| 5 | (экзамены) по физике | Tuiseal Tabharthach / Дательный падеж |
| 6 | (сдать) вступительные экзамены | Tuiseal Áinsíoch / Винительный Падеж |

**Léirthuiscint cultúir** **6 mharc**

Roghnaigh ceann **amháin** de na topaicí ar an liosta thíos agus tabhair **trí** shonra mar mhíniú ar an topaic atá roghnaithe agat.

Bronn dhá mharc as gach sonra ábhartha. **3 x 2 mharc**

1. Москва
2. Олимпиада
3. МГУ

**C.2 Achoimriú** **40 marc**

**C.2.1.** Léigh an blag seo a leanas. Scríobh achoimre i nGaeilge ar ábhar gach Roinne de réir na dtreoracha. Bronntar marcanna as ábharthacht an ábhair agus as scileanna achoimrithe.

*Bronn 2 mharc as gach aon cheann de na 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS bronn 2 mharc lánroghnacha ar iarrthóirí:*

- *A léiríonn/a fhorbraíonn a gcuid smaointe go soiléir.*
- *A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fáil.*
- *A chuireann sonraí breise ar fáil.*
- *A léiríonn an cumas chun na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha má léiríonn iarrthóirí tuiscint fhoriomlán ach má dhéanann siad earráidí i dtaobh sonraí / má fhágann siad ar lár na sonraí nó má tá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas leo.*

*Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí atá ar fáil sa cheist. Ní fhéadfar marcanna aonair a bhronnadh as sonraí neamhiomlána ach i gcásanna ina dtuigfeadh cainteoir aonteangach Gaeilge na sonraí neamhiomlána.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna as an ábhar) a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise gur thuig siad roinnt mhaith den sonra ach nach bhfuil ar a gcumas an méid a thuigeann siad a léiriú i nGaeilge atá intuigthe (nuair a scríobhann siad, mar shampla, an iomarca focail Rúisise ina gcuid freagraí).*

*Mura n-éiríonn le hiarrthóir gach cuid/fochuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 mharc lánroghnach.*

**1. Tabhair ceithre shonra faoi fhreagra Georgiy ar na ceisteanna a cuireadh sa suirbhé.**

***Príomhphointí*** **10 marc**

- Tá saol na mná deacair
- Uaireanta an-deacair
- Ní féidir le haon duine bean a stopadh ó phost a thaitníonn léi a dhéanamh
- B'innealtóir monarchan a bhí ina mháthair
- Ní aontódh a mháthair riamh le bheith ina bean tí/fanacht sa bhaile
- Thaitin a monarcha/a post lena mháthair

***Sonraí tánaisteacha:***

- Dúirt a mháthair nach bhféadfadh sí codladh go suaimhneach san oíche ach nuair a D'imigh sí ar scor
- Gach oíche bhí imní ar a mháthair faoin monarcha inar oibrigh sí

**2. Tabhair ceithre shonra faoi fhreagra Shokrat ar na ceisteanna a cuireadh sa suirbhé.**

***Príomhphointí:*** **10 marc**

- Maidir le tógáil leanaí, ní féidir comparáid a dhéanamh idir ról na mban agus ról na bhfear
- Caithfidh an tógáil a bheith mar phríomhfhreagracht ag bean
- Aire a thabhairt dá fear céile agus don teach
- Cuireann mná a oibríonn le ráta breithe íseal in go leor tíortha
- Tá mná neamhspleácha ina gcúis le colscaradh
- Teaghlaigh aontuismitheora

***Sonraí tánaisteacha:***

- Soláthraíonn fear/fear céile dá theaghlach
- Tuilleann fear aire agus aird óna bhean chéile

**3. Tabhair ceithre shonra faoi fhreagra Elvira ar na ceisteanna a cuireadh sa suirbhé.**

***Príomhphointí:*** **10 marc**

- Caithfidh mná a bheith in ann cinneadh a dhéanamh cén uair/cé mhéad a oibríonn siad
- Le dul ag obair nó fanacht sa bhaile
- Déanann mná cinneadh céard atá níos tábhachtaí dóibh, an baile nó obair
- Tá mná le feiceáil in go leor gairmeacha Múinteoirí/dochtúirí/innealtóirí/eacnamaithe/dlíodóirí/polaiteoirí/píolótaí/fórsaí póilíneachta +
- Ba cheart go mbeadh rogha ag mná
- Caithfidh an rialtas tacú le máithreacha atá ag obair

***Sonraí tánaisteacha:***

- D’athraigh am mná
- D’athraigh mná

**4. Tabhair ceithre shonra faoi fhreagra Aleksandr ar na ceisteanna a cuireadh sa suirbhé.**

***Príomhphointí:*** **10 marc**

- De bharr cinntí na bhfear tharla cogadh/turgnaimh shóisialta/tubaistí
- Níor tugadh cuireadh do mhná fadhbanna an domhain a phlé
- Beidh an 21ú haois mar aois na mban
- Beidh ceannas ag luachanna na mban ar nós aire don domhan / folláine ghinearálta

**Léirthuiscint teanga** **5 mharc**

**Q.2.2.** Briathra: Scríobh síos foirm na hinfinide / foirm an fhoclóra / инфинитив de na briathra seo a leanas as an téacs. **5 x 1 mharc**

Ná bronn aon mharcanna má aistríonn na hiarrthóirí an briathar go Gaeilge

| | | |
|---|---|---|
| 1. | беспокоилась | беспокоиться |
| 2. | согласилась | согласиться |
| 3. | зарабатывает | зарабатывать |
| 4. | расходятся | расходиться |
| 5. | встречаем | встречать |

**C.2.3.** Réimse séimeantach/семантическое поле: Faigh cúig fhocal sa téacs a bhaineann le ‘teaghlach’ agus breac síos **i Rúisis** iad.
Bronn marc amháin as gach freagra ceart. **5 x 1 = 5**

домашние дела, дом, воспитание, дети, мать, хозяйство, муж, содержание семьи, жена, рождаться, родители, отец, расходиться, расти, материально самостоятельная.

**C.3 Struchtúrú dioscúrsa leanúnach** **10 x 2 mharc**

| | |
|---|---|
| **6** | Традиция отмечать Всемирный день мотоциклиста появилась 22 июля 1992 года, когда сразу в нескольких странах энтузиасты, оставив автомобили в гаражах, отправились на работу на мотоциклах и скутерах. Изначально день так и назывался «На работу на мотоцикле», и лишь позже постепенно превратился в День мотоциклиста. |
| **3** | В Калифорнии медведь пришёл в частный дом, поплавал в бассейне, выпил коктейль; вдоволь отдохнув, медведь в конечном итоге вышел из сада и скрылся внизу улицы. |
| **4** | Британский врач Эми Хьюз пробежала 53 марафона за 53 дня и побила мировой рекорд американца Дина Карназеса, который преодолел 50 марафонов за 50 дней. Первый марафон Хьюз пробежала 6 августа в Честере, а последний — 27 сентября в Манчестере. Всего за 53 дня британка преодолела около 2236 километров. |
| **1** | Подростки должны спать не менее 8 часов в день. По словам ученых изменение этого графика опасно для организма. Так, нарушение режима сна может привести к ожирению, сахарному диабету, а также депрессии. |
| **10** | В Японии будет построен первый в этой стране православный монастырь. Обитель посвятят святителю Николаю Японскому - русскому священнослужителю, основавшему в конце XIX века Православную церковь в "стране восходящего солнца". |
| **9** | Насыщенной обещает быть жизнь 2019 года. Выборы главы государства состоятся в Украине. В Турции запланированы всеобщие выборы. В Японии пройдет саммит большой двадцатки. Состоится следующий саммит НАТО. |
| **5** | Компания Merlin Entertainment ищет сотрудников, которые будут заниматься необычным делом. Им предстоит строить разнообразные объекты из конструктора LEGO в натуральную величину. В СМИ уже окрестили эту вакансию самой желаемой работой на планете. |
| **7** | Причиной сейсмологической активности на территории Баварии и Саксонии является вулкан, который потихоньку активизируется. Специалисты Германского геофизического центра исследований уже предупредили граждан об опасности. |
| **2/8** | Российские разработчики сообщили, что у них из лаборатории во второй раз сбежал робот. Как говорится в сообщении компании, которая занималась созданием устройства, робот даже создал пробку на дороге. Всего ему удалось пробежать около 50 метров по улице, после этого у него разрядилась батарея и он выключился. |
| **8/2** | Специалисты из Университета Британской Колумбии представили дешёвый и не зависящий от погоды способ перерабатывать солнечный свет в электроэнергию. Для этого ученые создали особый вид бактерий, обеспечивающих работу солнечных батарей. |

**Roinn II Gramadach, Úsáid Teanga Agus Scríbhneoireacht Faoi Stiúir** **100 marc**

**C.1 Léigh an téacs seo a leanas. Scríobh na focail idir lúibíní san fhoirm cheart.** **30 marc**

**DHÁ mharc as gach foirm cheart** **15 x 2 mharc**

*Sa cheacht seo tá freagraí ceart nó mícheart:*

- *Ná bronn marcanna má tá an focal mílitrithe/mura bhfuil sé tras-scríofa i gceart.*
- *Ná bronn marcanna má scríobhtar an briathar san aimsir mhícheart.*

Оксана родилась в **небольшом** городе Полтава. Когда ей было 6 лет, она **пошла/шла** в среднюю школу. Оксане с **детства** нравилось играть в баскетбол и слушать **современную музыку**. Поэтому она **училась** не только в средней школе, но по средам и субботам **ходила** в спортивную школу, а по воскресеньям занималась в **музыкальной** школе. Девочка научилась хорошо играть на пианино. Больше всего **ей** нравилось исполнять украинские песни.

Оксана **закончила** школу в июне **прошлого года.** Папа посоветовал своей дочери стать **химиком**. Поэтому после **школы**, девочка поступила в Харьковский государственный университет.

Сейчас девушка живёт в общежитии №4. Оксана знает, что родители беспокоятся о **своей** дочери. Поэтому она часто звонит домой родителям. Полтава находится недалеко и иногда девушка ездит в свой родной город.

**Q.2. Léirthuiscint chultúrtha** **30 marc**

Scríobh aiste ghearr (50 focal) i Rúisis ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas. Tabhair cúig shonra fhíorasacha. Bronntar marcanna as ábhar, as úsáid na teanga agus as struchtúr (eagrú smaointe). Scríobh síos teideal na haiste lena chur in iúl cén aiste atá á scríobh agat.

Напишите небольшую статью **по–русски** размером 50 слов на одну из следующих тем. В свою статью включите **пять** страноведческих фактов.

1. Spórt i gCónaidhm na Rúise / Спорт в Российской Федерции

2. An t-Oideachas i gCónaidhm na Rúise / Образование в Российской Федерции

3. An teaghlach i gCónaidhm na Rúise / Семья в Российской Федерции

4. Reiligiún i gCónaidhm na Rúise / Религия в Российской Федерции

5. Tithíocht i gCónaidhm na Rúise / Жильё в Российской Федерции

**1. Ábhar** **10 marc**

**2. Teanga/cumas scríofa** **20 marc**

**Marcáil ábhar agus teanga/cumas scríofa ar leithligh**

**1. Cumarsáid/ábhar (C)**

- Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar neamhábhartha.
- Cuir ábhar neamhábhartha idir lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.
- Ní bhronnfar aon mharcanna teanga as freagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.
- Bronn dhá mharc ar a mhéad le haghaidh ábhair as ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó as tuairim/measúnacht (nach sonra fíorasach é).
- Bronn dhá mharc as gach sonra den ábhar atá ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).
- Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl cén cheist atá á freagairt acu. Bain marc pionóis AMHÁIN ón scór foriomlán don ábhar mura gcuireann an t-iarrthóir in iúl cén cheist atá á freagairt.

**2. Cumas Scríofa (E):**

- Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga
- (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
- Más é 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas sa chás gur baineadh marc pionóis agus gur laghdaíodh na marcanna ábhair go 5 dá bharr], nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 25 fhocal), marcáil an cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Má tá an cumas scríofa thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha, ach má tá fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil an cumas scríofa idir 9 agus 14 (9+10; 11+12; 13+14) agus scríobh 'A níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.
- Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal.
- Cuir líne faoi dhrochbhotúin.
- Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 1 NÓ – 2).

| Marc | Teanga: stór focal, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| **18-20**<br>**A níos ísle 13-14**<br>**E níos ísle 12-14** | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil stór focal leathán cuí. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc atá roghnaithe.<br><br>Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Líofa, agus léiríonn leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| **14-17**<br>**A níos ísle 11-12**<br>**E níos ísle 10-11** | Baintear úsáid as stór focal cuí, gan ach mion-earráidí i dtaobh stór focal. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach de ghnáth don tasc.<br><br>Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. Baintear úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, le lúb ar lár ar ócáidí. |
| **10-13**<br>**A níos ísle 9-10**<br>**E níos ísle 7-9** | Baintear úsáid as stór focal atá leordhóthanach ach intuartha. Roinnt mórearráidí sa stór focal.<br><br>Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. Níor éirigh i gcónaí leis na hiarrachtaí ar struchtúir chasta a láimhseáil. |
| **6-9**<br>**E níos ísle 4-6** | Roinnt eolas bunúsach ar an stór focal ach easpa éagsúlachta ann. Stór focal míchuí go minic le béarlachas/tionchar na Gaeilge agus focail mhíchearta go minic.<br><br>An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br><br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga; teanga 'aistrithe' shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| **1-5**<br>**E níos ísle 1-3** | Eolas agus stór focal an-teoranta. Úsáidtear focail atá an-bhunúsach, míchuí nó mícheart. Cuid mhaith béarlachais/tionchair na Gaeilge le brath.<br><br>Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| **0** | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Cuir marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C) agus cumas scríofa (E / E níos ísle) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.***

**C.3. Scríbhneoireacht faoi stiúir** **40 marc**

Scríobh píosa de phrós leanúnach i Rúisis **(140 focal)** mar fhreagra ar **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas - Litir **nó** Scéalaíocht **nó** Plé. Déan deimhin de na pointí **GO LÉIR** atá liostaithe a chuimsiú i do fhreagra.

**1. LITIR**

Scríobh litir chuig do chara pinn. I do litir bíodh tagairt agat do na pointí seo a leanas:

- Conas a bhí do chuid scrúduithe?
- Cad iad na pleananna atá agat do laethanta saoire an tsamhraidh?
- Obair agus/nó staidéar don chéad bhliain acadúil eile. (D)
- Beannú (A)
- Deireadh (E)

**2. NARRATIVE**

Scríobh scéal faoi chomórtas ar ghlac tú páirt ann.

**3. PLÉ**

Déan plé ar ról na mban sa tsochaí nua-aimseartha.

| | |
|---|---|
| Cumarsáid + ábhar | 15 mharc |
| Úsáid teanga + cumas scríofa | 15 mharc |
| Comhleanúnachas sa téacs | 10 marc |

***1. Cumarsáid/ábhar (C)***

- Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 15).
- Bain úsáid as na litreacha (A - E) nuair a bhíonn pointí ábhair ar leith á dtaispeáint agus, nuair is infheidhme, úsáid uimhreacha forscripte do phointí i ndiaidh a chéile laistigh den réimse ábhair ($A^1$, $A^2$, $A^3$); léirigh na pointí ábhair iomlána ag deireadh an cheachta (C = …).
- Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise: cuir ábhar neamhábhartha idir lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.
- Bronn 1 mharc as gach sonra ábhair/frása/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go bhfuil sonra AMHÁIN ar a laghad tugtha ó gach ceann de na catagóirí nuair a shonraítear.

**2. Cumas Scríofa (E):**

- Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
- Más é 7 nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 60 focal), marcáil an cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Má tá an cumas scríofa iontach líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach má tá fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil an cumas scríofa idir 7 agus 12 (7/8 + 9/10 + 11/12) agus scríobh 'A níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.
- Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal. Cuir líne faoi dhrochbhotúin.
- Gearr pionós (-2) ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach.

| E níos ísle Ex 10 | E Ex 15 | Cumas Scríofa |
|---|---|---|
| **7-10** | **11-15** | Stór focal, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn botúin litrithe ann, gramadach ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathra; aontuithe; úsáid cheart aimsirí... |
| **4-6** | **6-10** | Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmad litrithe ann. Gan mórán drochearráidí/mionearráidí iomadúla gramadaí: foirmeacha briathra, aimsirí, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **0 – 3** | **0 – 5** | Stór focal an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla. A lán dearmad litrithe, drochearráidí gramadaí: foirmeacha briathra mícheart go ginearálta, aimsirí gan a bheith ag teacht le chéile, neamhoiriúnach; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |

| A níos ísle | Cumas Scríofa |
|---|---|
| **11-12** | Stór focal, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach.<br>Gan aon fhadhb i dtaobh aimsirí, gné agus tuisil a úsáid. Gan aon deacracht le struchtúir chasta chomhréire. Ton cuí agus sainréim teanga chuí.<br>Botúin litrithe coitianta, fadhbanna le teorainneacha na bhfocal. |
| **9 -11** | Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Beagán struchtúir chasta chomhréire. Ton míchuí agus sainréim teanga mhíchuí. Úsáid réasúnta maith bainte as gné agus aimsirí |
| **7 -8** | Úsáid an stóir focal maith go leor agus de réir dhúchas na teanga, le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla. Cur isteach ó struchtúir chomhréire teanga na Gaeilge/an Bhéarla. Fadhbanna le haimsirí, gné agus tuisil |

**3. Comhleanúnachas sa téacs:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas sa téacs (**TC**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| Marc | Comhleanúnachas sa téacs |
|---|---|
| **9-10** | Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad. |
| **7-8** | Forbairt déanta go ginearálta ar an ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, tríd is tríd, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| **5-6** | Eagrú sásúil déanta ar an ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamhuaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna. |
| **3-4** | Cumas teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| **1-2** | Cumas an-teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Ar éigean a bhfuil an struchtúr comhleanúnach in aon chor |
| **0** | Eagraithe chomh dona sin agus a laghad comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt. |

Cuir na marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C), cumas scríofa (E / E níos ísle) agus comhleanúnachas sa téacs (CT) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.

## CLUASTUISCINT - 80 marc

Ginearálta:

- Níl aon phionós ann as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ná bronn marcanna as eolas atá ar fáil laistigh den cheist.
- Glac le freagraí atá scríofa i Rúisis.

## ROINN 1

**Comhráití gearra.**

**1. Cén fáth a molann an tiománaí tacsaí óstán an Radisson? Tabhair dhá shonra.**

- Nua
- Nua-aimseartha
- Suíomh lárnach
- Níl músaem/amharclann/siopa ilrannach i bhfad uaidh
- Páirc/abhainn in aice leis

**2.(i) Cén leibhéal Béarla atá ag an nglaoiteoir?**

- Tosaitheoir

**2.(ii) Cé mhéad duine a bheidh ina rang?**

- Cúigear

**3. Tabhair dhá shonra faoi shiomptóim an othair.**

- Tinneas cinn
- Scornach thinn
- Fiabhras/teocht ard/38.8

**4. Tabhair dhá shonra faoi na pleananna a dhéanann na cairde seo don tráthnóna seo.**

- Ag dul chuig an amharclann
- Ag bualadh ag bealach amach an mheitreo/stáisiúin fothalaimh
- Ag 6.30 pm
- Tosaíonn an dráma ag a 7 pm

**5.(i) Cá háit a bhfuil an glaoiteoir seo ag iarraidh dul?**

- Stáisiún traenach
- Bronn marc amháin: stáisiún

**5.(ii) Cé mhéad paisinéir a bheidh ag taisteal sa tacsaí?**

- Ceathrar

## ROINN II

**1. Tabhair dhá shonra faoin taithí a fuair Maria ar an rince Gaelach nuair a thosaigh sí.**

- Ceithre bliana ó shin
- Thug a cara ann í
- Níor ghlac sí dáiríre é ag an am
- Cheap sí nach dtiocfadh sí ar ais/ nach dtiocfadh sí ach an t-aon uair amháin sin
- Thaitin an t-atmaisféar léi
- Chabhraigh cairde nua léi an cinneadh ceart a dhéanamh
- Chinn sí fanacht/a bheith páirteach

**2.(i) Tabhair dhá shonra faoi Lá Cultúir na nGael.**

- 20 Meán Fómhair
- San ionad Óige
- An chéad uair
- beidh damhsa ann
- Máistir-ranganna
- Margadh ealaíne
- Léachtaí faoi chultúr na hÉireann

**2.(ii) Tabhair sonra amháin faoi réimse aoiseanna na ndamhsóirí sa ghrúpa.**

- Raon aoise éagsúil
- Déagóirí 14 bliana d'aois
- Bhí fear 60 bliain d'aois ann uair amháin

**3.(i) Cad deir Maria faoina post? Tabhair dhá shonra.**

- Oibríonn sí in iarsmalann na mbréagán
- Is breá léi a cuid oibre
- Tá sé cruthaitheach
- Eagraíochtúil/gnáthamh

**3.(ii) Ainmnigh caitheamh aimsire amháin eile seachas an rince Gaelach a thaitníonn le Maria.**

- Scátáil oighir
- Ceirmeacht
- Bronn marc amháin: scátáil

**4. Tabhair dhá shonra faoin tsaoire dheireanach a bhí ag Maria.**

- Loch (Svetloyar)
- Cúige Nizhegorodskaya
- Seachtain amháin
- Chónaigh san fhorais
- Bhain taitneamh as an nádúr

## ROINN III

**1.(i) Cá mbeidh an fhéile ar siúl agus cathain a bheidh sí ar siúl?**

- Amharclann The Mill / amharclann Dhún Droma / Amharclann Bhaile Átha Cliath
- 21 agus 22 Iúil
- Bronn marc amháin as sonra páirteach e.g. Baile Átha Cliath/Dún Droma

**1.(ii) Tabhair dhá shonra faoi shearmanas oscailte na féile.**

- 2.00 pm
- Beidh breathnóirí in ann saothair scoileanna éagsúla a fheiceáil
- Bheadh breathnóirí in ann páirt a ghlacadh i vóta/mballóid rúnda
- Bualadh le haisteoirí óga
- Bualadh leis na haíonna mór le rá ag an bhféile

***Ná bronn aon mharc:*** ealaíontóirí

**2.(i) Tabhair dha shonra faoi ábhar an scannáin 'Zhili Bili.'**

- Fíordhaoine Rúiseacha
- Stair na glúine iomláine
- Tuismitheoirí
- Seanmháithreacha
- Seanaithreacha
- Nádúr
- Imríonn sé tionchar ar an anam

***Ná bronn aon mharc:*** grinn

**2.(ii) Cén fhormáid ina dtaispeántar an scannán seo**

- I Rúisis le fotheidil Bhéarla

**3. Tabhair trí shonra faoi shearmanas bronnta na ngradam.**

- 22 Iúil
- Amharclann The Mill
- 5.00 pm
- Saorchead isteach

## ROINN IV

**1.(i) Tabhair dhá shonra faoi theaghlach Michael.**

- Tá a athair Gearmánach
- Rugadh a mháthair i (dTuaisceart) Éireann
- Tá deirfiúr (níos sine) aige/Kathrine
- Bhog an teaghlach go hÉirinn

**1.(ii) Tabhair dhá shonra faoin bpost páirtaimseartha a bhí ag Michael agus é óg.**

- D'oibrigh Michael mar fhreastalaí + oibreoir ginearálta
- I mbialann a athar/theaghlaigh
- Spreag a thuismitheoirí é le hoibriú go crua

**2.(i) Tabhair sonra amháin faoin mbanna a chuir Michael le chéile agus é sna déaga.**

- Banna rac
- Sheinn sé an giotár
- Chas sé i gclubanna i gCill Airne

**2.(ii) Tabhair dhá shonra faoin bhfáth a ndeir Michael nuair a bhí sé 19 mbliana d'aois, gurbh é an t-am ba mheasa dá shaol é.**

- Chuaigh sé isteach in Ionad Drámaíochta Londan
- Fuair sé árasán fuar ar cíos
- Bhí sé ag obair agus ag staidéar ag an am céanna
- Faoi cheann cúpla bliain d'éirigh sé as an Ionad Drámaíochta
- Chuaigh sé ar camchuairt le Compántas Stáitse Oxford

**3.(i) Tabhair dhá shonra faoin bpríomhpháirt a bhí ag Michael sa scannán '300.'**

- 2006
- Bhí sé ag traenáil ar feadh 4 uair an chloig sa lá
- Ar feadh 10 seachtaine

**3.(ii) Tabhair sonra amháin faoin bhfáth ar bhliain shuntasach í 2014 i ngairmbheatha Michael.**

- Ainmníodh i gcomhair Oscar é
- As a ról in "12 years a slave"
- Níor bhuaigh sé
- Deir Michael nach bhfuil gradaim tábhachtach dó/nach bhfuil aon suim aige iontu

# TÉIPSCRIPT

**Comhráití gearra**

**1.**
Водитель такси: Вам куда?
Иностранец: Посоветуйте мне, пожалуйста, где можно остановиться
в вашем городе?
Водитель такси: Советую Вам остановиться в гостинице «Radisson». Это новая современная гостиница. Она находится в центре города. Недалеко от гостиницы театр, музей, большой универмаг. А рядом с гостиницей река и парк.
Иностранец: Ну что ж, прекрасно. Едем в гостиницу «Европа»

**2.**
Катя: Здравствуйте! Я бы хотела записаться на курсы английского языка. Это возможно?
Секретарь: Доброе утро! Для начала нужно решить, в какое время Вам удобно заниматься, в какой группе Вы бы хотели заниматься и какой Ваш уровень знания английского языка.
Катя: Я только начинаю изучать английский язык.
Секретарь: Тогда Ваш уровень можно определить как начальный.
Катя: Заниматься я могу вечером и, желательно, в малочисленной группе, если это, конечно, возможно.
Секретарь: Да, это возможно.
Катя: Тогда я могу узнать немного подробнее об этом?
Секретарь: Конечно. Вы будете заниматься в группе, в которую входит 5 человек, занятия будут проходить по понедельникам и средам в 19.00. Вам удобно такое расписание.
Катя: Да, это расписание мне очень удобно.
Секретарь: Приезжайте к нам, и мы с Вами все подробнее обсудим и оформим.
Катя: Спасибо огромное. Я обязательно приеду!

**3.**
Пациент: Здравствуйте! Можно?
Врач: Здравствуйте! Как Ваша фамилия?
Пациент: Иванов. Иванов Сергей Петрович.
Врач: Как Вы чувствуете себя?
Пациент: Плохо. У меня болит голова и горло.
Врач: Какая у Вас температура?
Пациент: Тридцать восемь и восемь.
Врач: Откройте рот... Всё понятно. У Вас ангина. Вот рецепт. Купите в аптеке лекарство.
Пациент: Большое спасибо. До свидания.
Врач: До свидания. Будьте здоровы.

**4.**
— Алло, привет Катюша.
— Приветик!
— Я тебе вчера весь вечер звонила, так и не дозвонилась!
— Я не слышала, как ты звонила. Я готовила ужин и убиралась в квартире целый вечер.

— Понятно. А что ты делаешь сегодня вечером?
— Я думала в кино сходить. Может вместе сходим?
— А у меня есть два билета в театр, на работе раздавали. Пойдёшь со мной?
— Ой, с удовольствием! Обожаю театр!
— Спектакль начинается в 19:00. Давай встретимся у выхода из метро в 18:30.
— Хорошо. До встречи!
— Пока!

**5.**
— Добрый вечер! Вы позвонили в службу такси "Адлер".
— Добрый вечер. Я хотел би заказать такси, надо ехать на железнодорожный вокзал.
— Назовите свой адрес, пожалуйста.
— Площадь Победы, дом 8, первый подъезд.
— Хорошо. Когда нужно прислать такси?
— Прямо сейчас. Нас будет четверо, также есть багаж, 3 больших чемодана.
— Хорошо, за вами приедет большое авто. Ждите, за 5 минут машина будет на месте.
— Спасибо.

**Agallamh**

Кировчанка Мария Шишкина уже четыре года занимается вколлективе «Кельтские танцы на Вятке». Девушка рассказала, как она пришла к этим танцам и почему решила остаться в этом коллективе.

**An Chéad Mhír**

**Когда и как вы начали заниматься ирландскими танцами?**

Четыре года назад меня сюда привела подруга. Серьезно к ирландским танцам я тогда не отнеслась. Подумала: один раз поучаствую и уйду. Но царящая в коллективе атмосфера и новые друзья помогли принять мне верное решение. Я осталась. Сейчас являюсь одним из руководителей танцевального коллектива «Кельтские танцы на Вятке».

**An Dara Mír**

**Расскажите подробнее о ваших занятиях.**

Мы занимаемся по трем направлениям. Занятия в нашем коллективе проходят три раза в неделю абсолютно бесплатно. А 20 сентября в Областном дворце молодежи впервые в Кирове пройдет День ирландской культуры. Будут танцы, мастер-классы, лекции об ирландской культуре и арт-маркет.

**А в каком возрасте можно стать членом танцевального коллектива?**

Возраст танцоров абсолютно разный. Ходят и 14-летние подростки, а однажды у нас занимался 60-летний танцор. Всего в нашем коллективе 25 человек.

**An Tríú Mhír**

**А где вы работаете и чем ещё увлекаетесь?**

Я работаю искусствоведом в музее дымковской игрушки. Работу свою люблю. С одной стороны она организаторская, с другой – творческая. Помимо танцев, увлекаюсь катанием на коньках и керамикой.

**А как к вашему хобби относятся ваши близкие?**

Близкие относятся к моему увлечению очень положительно. Мама старается приходить на все мои выступления. Мне это приятно!

**An Ceathrú Mhír**

**Как и где предпочитаете отдыхать?**

Я люблю активный отдых. Мой самый лучший отпуск – поездка на озеро Светлояр в Нижегородскую область. Тогда я целую неделю жила в лесу и наслаждалась девственной природой.

**О чём мечтаете?**

Как бы это банально не звучало, но моя мечта – побывать в Ирландии. Ну и, конечно, я хочу, чтобы моя семья всегда была рядом со мной.

**Fógra**

МЕЖДУНАРОДНЫЙ ДЕТСКИЙ ФЕСТИВАЛЬ «СНИМАЕМ ВМЕСТЕ»

**An Chéad Mhír**

21 и 22 июля года в дублинском театре The Mill Theatre в Дандрам состоится международный детский фестиваль кинотеатральных школ им. С.Ф. Бондарчука «Снимаем вместе», организованный «Русским Мостом» при поддержке Правительства Москвы.

Юные артисты и руководители школ европейских стран представят свои работы жителям Ирландии. В программе фестиваля: просмотр короткометражных фильмов по произведениям Пушкина, Чуковского, а также авторские работы филиалов школ из России, Франции, Италии, Испании, Ирландии.

Почетные гости фестиваля: актриса и режиссер Наталья Бондарчук, оператор-постановщик Мария Соловьева.

Церемония открытия состоится в 14.00 часов. В это время зрители смогут увидеть работы киношкол, оценить их в ходе тайного голосования, встретиться с юными артистами и почетными гостями фестиваля.

**An Dara Mír**

В рамках кинофестиваля состоится показ фильма «Жили-были».

«Отличная комедия! Но такая, что затрагивает все струны души. Фильм про настоящих русских людей! И не сложно догадаться, что скрыто от глаз, — это история целого поколения. Про родителей, про бабушек и дедушек. А какая природа! Девственно чистая... Глаз радует...

Фильм «Жили-были» будет показан на русском языке с английскими субтитрами.

**An Triú Mhír**

Фестиваль завершит показ фильма Натальи Бондарчук «Красная шапочка онлайн». Фильм будет демонстрироваться на русском языке.

Награждение победителей состоится 22 июля в здании театра Mill Theatre. Церемония награждение начнётся в 17.00, вход свободный.

Заказ билетов:

На открытие фестиваля 21 июля (вход свободный) начало в 14.00

На премьеру фильма «Жили были» начало в 19.00. цена билетов €7.00  Число билетов ограничено.

Вся информация предоставлена  на нашей страничке в Facebook.

**Beatháisnéis**

**An Chéad Mhír**

Майкл Фассбендер родился 2 апреля 1977 года в немецком городе Гейдельберге. Отец Майкла—немец, мать родилась в Северной Ирландии. У Майкла есть старшая сестра Кэтрин.

С двухлетнего возраста жизнь Майкла Фассбендера переместилась в Ирландию, куда семья решила переехать. Учась в самой простой школе, маленький Майкл ходил на дополнительные занятия по игре на гитаре, аккордеоне и пианино.

Отец мальчика был талантливым кулинаром, в конце 80-х старший Фассбендер открыл собственный ресторан на юге Ирландии. Родители с детства приучали детей к труду, поэтому Майклу приходилось подрабатывать официантом и разнорабочим в семейном ресторане. И сейчас актер шутит, что готов уйти на покой и открыть собственный бар, ведь он- потомственный ресторатор. Но в юности Майкл выбрал для себя другую стезю, актерскую.

**An Dara Mír**

В подростковом возрасте Майкл Фассбендер всерьез увлекся тяжелым роком и даже организовал музыкальный коллектив, в котором играл на гитаре. В 1992 году Майкл увидел картину «Бешеные псы» и настолько был впечатлен, что загорелся поставить спектакль. Друзья поддержали идею—уже через несколько месяцев самодеятельный коллектив выступал в клубах Килларни.

Самый сложный период в жизни Майкла Фассбендера, по его словам, был в 19 лет,когда он поступил в лондонский Драматический Центр. Майклу приходилось снимать холодную квартиру, работать и учиться одновременно. Через несколько лет Майкл бросил учебу и поехал гастролировать с театром Oxford Stage Company, играя в пьесе “Три сестры”.

**An Tríú Mhír**

Начало творческого пути Майкла Фассбендера нельзя назвать успешным. Высокий (рост актера 183 см) красивый ирландец с гипнотизирующим взглядом и широкой улыбкой, за которые Фассбендер впоследствии получит прозвище «акула», оказался не востребован. С 2001 году Майкл получал небольшие роли. Удача улыбнулась актеру в 2006 году, когда Фассбендер получил роль в «300 спартанцах». Для соответствия роли Фассбендер десять недель занимался спортом по 4 часа.

Долгожданную номинацию «Оскара» в 2014 году актеру принес мощный образ в фильме «12 лет рабства», но заветной статуэтки актер так и не получил. Майкл говорит, что премии его интересуют в последнюю очередь.

# AGUISÍN

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú.

Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

## Tábla 300 @ 5%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais. Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227-233 | 10 |
| 234-240 | 9 |
| 241-246 | 8 |
| 247-253 | 7 |
| 254-260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261-266 | 5 |
| 267-273 | 4 |
| 274-280 | 3 |
| 281-286 | 2 |
| 287-293 | 1 |
| 294-300 | 0 |